

MAC RÍ NA HÉIREANN AGUS AN CAPALL DRAOIDHEACHTA

Bhí rí in Éirinn fadó agus bhí triúr inghean agus aon mhac amháin aige. Tháinig triúr fear aon lá amháin ag iarraidh an triúr inghean. Ins an am sin ní ghábhfá ag iarraidh rud ar rí nach dtiubharthá bronntanas chuige. D'fhiafruigh sé de cheann aca céard a bhí aige. Dubhairt an fear go raibh clog. "Má chrochann tú é ar shráid an mhargaidh ní thiocfaidh aon námhaid choidhche isteach ar do chuid talmhana nach mbuailfidh an clog" adeir an fear.

"Gheobhfaidh tusa ceann aca" adeir an rí.

"Céard tá a'd-sa?" adeir sé leis an dara fear.

"Tá coileach a'm" adeir sé, "ní thiocfaidh aon námhaid go deo isteach ar do chuid talmhan nach nglaoidhfídh an coileach."

"Gheobhfaidh tusa an ceann eile" adeir an rí.

An tríomhadh fear, ba é an fear ba shine agus ba ghráinne ar fad aca é. D'fhiafruigh an rí dhó céard a bhí aige. Dubhairt sé go raibh capall.

"Áit ar bith a dtiubhraidh tú a haghaidh gabhfaidh sí ann chomh luath leis an ngaoith Mhárt' " adeir an tríomhadh fear.

Bhí lad óg de mhac ag an rí. Nuair a chuala sé an focal d'eirigh sé agus chuaidh sé de léim ar an gcapall. D'imthigh an capall ins an aer. Bhí sé chomh hard is go raibh sé ionann is a' bualadh a chloigeann ar na réalta.

"Tá mé réidh anois" ar seisean, "seachas ariamh."

Thosuigh sé ag láimhsiú an chapaill. Casadh crapa leis ar a' ngualainn agus bhrúigh sé air. Thosuigh an capall ag íslíú go dtáinig sí anuas. Sé an áit ar ísligh sí ar mhullach caisleáin. Bhí staidhre anuas le taoú an chaisleáin agus tháinig se anuas. Inghean rí a bhí sa gcaisleán. Chuir a hathair ann í le faitchíos go n-eireochadh timpist ar bith duithe, go dtabharfadh aon duine uaidh í gan a chomhairle. Nuair a tháinig mac a' rí ag an doras chonnaic sé uaidh isteach í. Bhí mná coimhdeachta de chomhlódar aice agus saighdiúr ar garda nach leigfeadh aon duine isteach gan cead a' rí. Tháinig mac rí na hÉireann. Rug sé ar an saighdiúr agus bhain sé a chlaideamh de. Fuaidh sé isteach agus shuigh sé le na hais. D'imthigh an saighdiúr. Chuaidh sé go dtí an rí. Dubhairt sé leis go dtáinig fear isteach, gur bhain sé a chlaideamh dhe, "agus tá sé ag coinneál comhlódaire le t'inghin anois."

Nuair a chuala an rí é sin ní dhearna sé ach breith ar a chlaideamh.

"Dar m'fhocal" ar seisean, "bainfidh mise an cloigeann de le mo dhá láimh féin."

Nuair a tháinig an rí go dtí an caisleán dhearc sé isteach tríd an sgálan.

“Mo chrádh Dé agam” adeir sé, “mara bhfuil mé a’ ceapadh nach bhfuil mé im fhear chomh maith leis, gur fearr dom é a thógáil sibhialta go maidin.”

Chaitheadar an oidhche sin a’ cainnt go spóirteamhail, greanmmhar le chéile. D’fíafraigh an rí de ar maidin cén chaoi a bhfuair sé ann féin tigheacht go dtí an inghean gan a chomhairle.

“Níl iongnadh ar bith a’m-sa in t’inghin, tigheacht ina láthair agus níl mé ach ag iarraidh comhairle ort.”

“Mara mbeidh tú i ndon an fear is fearr de mo chuid saighdiúirí a throid i mbárach bainfidh mise do cheann agus do choiméad beatha dhíot.”

“Ná bac leis an bhfear is fearr” ar seisean, “ach tabhair leat t’arm capall ar fad, agus mara bhfuil mise i ndon iad a throid, ní fear mé.”

“Déanfaidh sin” adeir an rí.

Chuir sé fios ar arm capall trí na chéile agus tháinig siad i láthair. “Anois” adeir an rí, “gabh amach agus togh do rogha capall asta agus gheobhfaidh tú í.”

“Ní fheicim-se capall ar bith sáthach maith annsinle m’aghaidh” ar mac Rí na hÉireann.

“Cé bhfuighidh mise capall duit” adeir an rí.

“Tá mo chapall féin thuas ar bharr an chaisleáin” adeir sé. “Cuir ceathrar fear suas ina coinne agus tiubhraidh siad anuas chugam í.”

Thug siad anuas í.

“Tabhair ordú do do chuid fear fáinne a dhéanamh thart timcheall na pairce agus feicfidh tú gur gear a bhéas mise a’gul tríothú.”

Thug sé sin dófa.

Chuaigh mac Rí na hÉireann ag marcaidheacht ar a chapall. Thug sé aghaidh an chapaill ar an mbaile. D’éirigh a n capall mar d’éireochadh éan. Ní raibh fhios ag an rí ná ag á na chuid saighdiúr cé ndeachaidh sé. Níor stop sé ariamh go dtáinig sé abhaile an an athair. Bhí fáilte mhór ag an athair roimhe. Shíl sé nach bhfeicfeadh sé choidhche é.

“Cá bhfuil an fear ar leis an capall?” ars an mac.

“Tá sé istigh i bpríosún a’m-sa” adeir an t-athair, agus sin ní fhágfaidh sé dá mbadh fada gearr é go dtaghá-sa abhaile.”

“Sgaoil amach é” adeir an mac, “tabhair cead a chos dó.”

Thuit mac Rí na hÉireann ngrádh leis an mbainríoghan óg agus thuit sise i ngrádh leis. Ar maidin lá ar na bhárach d’imthigh sé agus níor stop sé go ndeachaidh sé go dtí í aríst. Nuair a chonaic an saighdiúr a’ tigheacht é rith sé le sgéala go dtí an Rí.

D’fíafraigh mac Rí na hÉireann den bhainríoghan óg a raibh sí sásta ar thigheacht leis go hÉirinn agus dubhairt si go raibh.

“Téirigh ar mo chúla” ar seisean.

Ní raibh ann ach go raibh sí ar a chúla nuair a bhí an rí agus an bhanríoghan a' tigheacht go dtí iad. B'fhacthas dófa go dtáinig múisiam mór ar a' mbean óg nuair a chonaic sí a máthair.

"Shílfeá nach bhfuil aon fhonn ort a thigheacht" ar seisean.

"Ó tá" ar sise, "ní sgarfaidh mé choidhche leat."

Níor stop sé ariamh go dtáinig sé abhaile go teach a athar. Chuaidh sé isteach i ngáirdín a athar, é féin agus an bhanríoghan óg.

"Fan annsin anois" ar seisean, "go dtaga mise chugat. Ní maith liom thú a thabhairt isteach ag m'athair gan sgéala a thabhairt dó go bhfuil tú a' tigheacht. Níl an teach faoi réir agus tiocfaidh mise i do choinne."

Cé a bheadh a' siubhal thart an gáirdín ach an fear a thug an capall ag Rí na hÉireann. Chuaidh sé a' marcaidheacht ar an gcapall.

"Téirigh ar mo chúla" adeir sé leis an mbanríoghan óg.

"Ceal nach bhfuil teachtaire ar bith ní ba gheanamlha ná thusa le thigheacht faoi mo choinne?" adeir an bhanríoghan óg.

"Tá" ar seisean, "ach níl fios brigh an chapail ag aon duine ach agam-sa agus aige féin, agus sin é an t-ughdar ar chuir sé mise faoi do dhéint."

Thóg sí sin uaidh agus fuaidh sí ar a chúla. D'iompuigh sé an capall agus níor stop sé ariamh gur ísligh sí sa Domhan Thiar. Bhí arm rí an Domhain Thiar amuich. Chonaic siad an seanfhear seo agus an bhanríoghan óg ina seasamh i bpáirc le taoú sgeiche. Tháinig siad go dtí é agus d'fiafruigh siad de cé hé féin, na cé hí sin a bhí leis.

"Sin í mo bhean" adeir sé.

"Thug tú t-éitheach" ar sise, "ní mé do bhean."

Rinne siad príosúnach de féin agus duithe féin. "Caithfidh sibh tigheacht i láthair an rí" adeir an saighdiúirí.

Thugadar i láthair an rí iad. Thuit an rí i ngrádh leis an mbean óg. Cuireadh an capall ar stábla agus cuireadh an seanfhear i bpríosún. Nuair a tugadhise isteach leig sí uirthí féin nach raibh meabhair ná réasún aice. Bhí sí a' tarraingt an éadaigh dá craiceann agus an ghruaig dá ceann. Chuir rí an Domhain Thiar isteach i seomra í agus mná ag tabhairt aire duithe. Chuir sé gairmsgoile amach ar fud an oileáin a' tóraidheacht dochtúirí a leigheasfadh í. Bhí sé a' tabhairt a mheadhchan féin d'ór agus leath a rioghachta do dhochtúr ar bith a leigheasfadh í. Bhainfeadh sé an ceann de fhear ar bith a déarfadh go go leigheasfadh sé í mara ndéanfadh sé aon mhaith duithe.

Nuair a fuaidh mac an Rí amach ní fhuair sé capall ná banríoghan roimhe sa ngáirdín. Bhí fhios aige go maith gurb é an seanfhear a casadh léithe a chroch ar siubhal í. D'imthigh sé roimhe mar bheadh fear as a chiall ann ó bhaile go baile as ó thír go tír agus e cinnte air tuairisg a fhágáil uirthé. Níor stop sé ariamh go dtáinig sé go dtí na Domhan Siar. Tháinig sé isteach i dteach annsin agus d'iarr sé lóisdín na hoidhche agus fuair sé é. Bhí fear a' tighe ar an margadh an lá sin. Chruinnigh muinntir an bhaile isteach chuige tar éis na hoidhche a' cur tuairisg faoin margadh agus a' raibh aon sgéal nua aige.

"Níl" ar seisean, "ach tá an rí an-dona."

"Céard tá air?" adeir ceann de an fir.

"Tá" ar seisean, "nuair nach bhfuil sé a' fágáil aon duine a leigheasfadh an bhanríoghan óg ón lá a tógadh ina bpríosúnacha iad. Tá sí a' stróiceadh na gruaige dá ceann, agus níl aon tsnátha éadaigh uirthi. Tá sé a' tabhairt a mheadhchan féin d'ór do dhochtúr ar bith a déarfadh go leigheasfadh sé í, ach bainfidh sé an ceann de mara leigheasa."

Sin é an chéad tuairisg a fuair mac Rí na hÉireann duithe ó d'fhága sé an baile. Níor labhair focal ach ag éisteacht leof. Ar maidin lá ar na bhárach bhuail sé bóthar. Bhí sé deireannach go maith trathnóna nuair a tháinig sé go teach an rí. Bhí na geataí dúnta agus ní raibh aon dul isteach go maidin. D'fíafraigh an geatóir de cá raibh sé a' gul.

"Dochtúr mé" ar seisean, "Chuala mé go raibh banríoghan óg go dona ag an rí. Tá sí ró-dhon ar fad nó tá mé i ndon í a leigheas."

"Suidh anuas annseo" adeir fear an gheata, "agus fan liom-sa go maidin."

Nuair a d'eirigh an rí ar maidin d'innis mac Rí na hÉireann dó cé raibh sé a' gul. "Well, tá fhios agat brígh mo sgéil" ars an rí, "mara bhfuil tú i ndon í a leigheas."

"Tá fhios" ar seisean, "ach gheithfidh mé cead í a fheiceál."

"Gheobhair gan dabht" ar an rí.

Leigeadh isteach ins a' seomra é go dtí í. D'orduigh sé na searbhónta ar fad as a'seomra. Bhí sí chomh céillidheach, staidéarach is a bhí sí oidhche ná lá ariamh.

"Well anois" adeir sé léithe, "má tá rud ar bith contráilte leis an gcapall níl aon ghoir a'inn imtheacht, ach mara bhfuil, imtheochaidh muid uaidh. Gabhfaidh mise amach anois go bhfeice mé a' bhfuil rud ar bith ar an gcapall agus tiocfaidh mé chugat aríst le sgéala."

Tháinig se amach agus casadh an rí dhó. D'fhiafraigh an rí de céard a dhéanfaidh sé léithe.

"Tá mé dearbhtha go leigheasfaidh mé í, ach is maith liom an capall a raibh sí a' marcaidheacht uirthi a fheiceál sul a ndéanfaidh mé níos mó léithe" adeir mac Rí na hÉireann.

"Gheobhfaidh tú sin" adeir an rí.

Fuaidh mac Rí na hÉireann isteach go dtí an capall. Bhí an capall chomh maith agus a bhí an lá a sgar sé léithe. Chuaidh mac Rí na hÉireann isteach ag an mbanríoghan óg aríst. "Tá an capall chomh maith agus bhí sí ariamh" adeir sé. "Ordócha mise culaith éadaigh anois duit nuair a ghabhfas mé síos agus nuair a bhéas tú nite, glanta agus culaidh éadaigh ort beidh an dinnéar réidh. Suidhfidh muid ar fad ag an mbord i gcuideacht." Nuair a bheas muid a' caitheamh an dinnéir déarfadh mise leis an rí nach bhfuil tú sátach glanta fós ón rud a bhí ort. Déarfadh mé leis cuireadh a chur ar a chuid saighdiúr, tú féin agus an capall a thahairt leofa go dtí an spota a bhfuireadar thú. B'fhéidir go n-imtheochamuis annsin."

Nuair a tháinig sé aniar as an seomra d'fhaifraigh an rí de, "céard é do mheas uirthi?"

"Tá sí chomh maith agus a bhí sí oidhche ná lá ariamh" arsa mac Rí na hÉireann.

"Tá a ciall agus a réasún aice. Fágh dhuithe culaidh éadaigh chomh maith agus atá in do theach. Nuair a bhéas sí nighte glanta beidh sí i ndon suidhe ag an mbord in éindigh linn."

Nuair a bhí sin déanta tháinig sí aniar. Chraith sí láimh le rí an Domhain Thiar. Ghlac sí an-bhuidheachas leis faoin méid a rinne sé duithe. Ní raibh fhios fhios ag rí an Domhain Thiar céard a dhéanfadh se léithe, bhí sé chomh spóirteamhail í a bheith leigheasta.

"Tá faitchíos orm" adeir mac Rí na hÉireann, "nach bhfuil sí sáthach ceart fós."

"Céard tá anois ort?" arsa rí an Domhan Thiar.

"Caithfidh tú cuireadh a chur ar do chuid saighdiúr, iad féin agus do chuid capall agus í a fhágáil san áit chéadna an lá a fuaireadar sa bpáirc í. "Níl fhios agam nach raibh draoidheacht ag an seanfhear sin" adeir mac Rí na hÉireann. "Má tá, gheithfidh mise amach é."

Chuir sé an cuireadh amach agus tháinig na saighdiúir. Thugadar leofa an capall agus an bhanríoghan óg. Bhí mac Rí na hÉireann agus an rí ina gcuideacht leofa go ndeachaidh siad ar an spota a bhfuairadar í.

"Seo é an spota" adeir an t-oifigeach, "a bhfuairamar í ina seasamh, í féin agus an seanfhear."

"Anois" adeir mac Rí na hÉireann, "déanaigí fáinne timcheall, bordáil acra uaim-se amach. Seas féin istigh ina lár" adeir sé le rí an Domhain Thiar. "Tá focla a'm-sa le rá leis an sgeichín nach maith liom aonduine a bheith ag éisteacht liom."

Nuair a fuair sé imthighthe iad fuaidh sé féin a' marcaidheacht ar a chapall. Chuaidh an bhanríoghan óg ar a chúla. Thug sé aghaidh an chapaill ar an mbaile. D'imthigh sé os cionn an rí agus os cionn a chuid saighdiúr agus gan fios cé ndeachaidh sé. D'fhága sé annsin iad. Tháinig sé abhaile go hÉirinn go dtí á na athair, é féin agus an bhanríoghan óg agus fáilte mhór a bhí roimhe.

Sa Mám 13/11/1933

Léigh an sgéalaidhe "An Capall Draoidheachta i leabhar Béarla a bhí ag a dhreatháir.